

**Scéim Údarás Áitiúla Contae an Chabháin faoi Alt 11 den  
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**2009 □ 2012**



## **Clár**

### **1 Cúlra**

Réamhrá

Ullmhú na Scéime

Dáta Tosach na Scéime

Ráiteas Misin

Aidhmeanna Straitéiseacha

Páirtithe Leasmhara na nÚdarás Áitiúla

Ceantair Fheidhmiúla

Stiúrthóireacht na nÚdarás Áitiúla

Suíomh Oifigí na nÚdarás Áitiúla

Modhanna Cumarsáide Scríofa na nÚdarás Áitiúla

Measúnú ar na seirbhísí atá cheana féin ann trí Ghaeilge

### **2 Méadú ar Sheirbhísí dátheangacha**

Prionsabail Treoraithe

Cumarsáid Scríofa

Córais Eolais

Foirmeacha Iarratais

Seirbhísí Teileafóin

Polasáí Cruinnithe Poiblí

Leabhráin agus Bileoga eolais

Traenáil agus Forbairt

Caidrimh le Custaiméirí

Bearta faoin gcur chun cinn

### **3 Cur i gCrích, Monatóireacht agus Athbhreithniú**

## Caibidil 1 Cúlra

### Réamhrá

1.1 In Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 tá creat reachtúil ann do sheirbhísí trí mheán na Gaeilge. Sa scéim tá na bearta atá ar intinn ag Údarás Áitiúla Contae an Chabháin faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

### 1.2 Ullmhú na Scéime

Agus an scéim á hullmhú tugadh tús áite do na haidhmeanna straitéiseacha atá sa Phlean Corparáideach Údarás Áitiúla Contae an Chabháin 2004-2009 mar a leanas:

Aidhm Chorparáideach 1: Fás inmharthana a bhaint amach

Aidhm Chorparáideach 2: Daonlathas áitiúil a fhorbairt/a fheabhsú chun leas a bhaint as mianach phobal an Chabháin

Aidhm Chorparáideach 3: Íomhá dearfach an Chabháin a fhorbairt agus a chothú

Aidhm Chorparáideach 4: Seirbhís éifeachtach a stiúradh agus a cur ar fáil do mhuintir an Chabháin

Aidhm Chorparáideach 5: Cur le héifeacht agus le cumas Comhairle Chontae an Chabháin

### 1.3 Tosach

Tar éis don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim a dheimhniú, de bhun Alt 15 den Acht, bhí sí i bhfeidhm ar an 4 Lúnasa 2009. Beidh feidhm leis an scéim seo go ceann trí bliana nó go ndeimhní an tAire scéim nua, cibé dáta is luaithe.

### 1.4 Ráiteas Misin

Is é seo an ráiteas misin atá i bPlean Corparáideach na nÚdarás Áitiúla:

**☐Bainfear an barr feabhais amach inár saothar☐**

### 1.5 Aidhmeanna Straitéiseacha:-

Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá dualgas ar Údarás Áitiúla an Chabháin scéim a ullmhú a leagfaidh síos na seirbhísí atá i gceist acu a sholáthar

- a) trí mheán na Gaeilge amháin
  - b) trí mheán an Bhéarla amháin, agus
  - c) trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon;
- agus na céimeanna atá i gceist a ghlacadh chun a chinntiú go mbeidh aon seirbhís nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge á soláthar sa teanga sin amach anseo.

Faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 tá Údarás Áitiúla an Chabháin tar éis aird a thabhairt ar na treoirínte a réitigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Ní bhréagnóidh aon rud sa scéim seo aon Acht ná aon ionstraim reachtúil de chuid an Stáit ná aon rialacháin a dhéanfar faoin Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Faoi Alt 13 (2) (c) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 tá dualgas ar Údarás Áitiúla an Chabháin a chinntiú go bhfuil go leor foirne acu atá iniúil sa Ghaeilge.

Chun aighneachtaí a lorg sular ullmhaíodh an scéim faoi Alt 13, fógraíodh mar a leanas:

- i) San Anglo Celt (Nuachtán Áitiúil)
- ii) I bhFoinse ( Nuachtan Gaeilge)
- iii) Ar shuíomh Comhairle Chontae an Chabháin [www.cavancoco.ie](http://www.cavancoco.ie)

Grúpa atá gníomhach i bhfás agus i bhforbairt na Gaeilge i gContae an Chabháin is ea Glór Bhreifne, a bhfuil Glór na nGael agus Comhaltas Uladh/Conradh na Gaeilge páirteach ann. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht dheonach seo an teanga agus pobal na Gaeilge a leathnú i gContae an Chabháin. Trí Ghlór na nGael i 2003, 2004 agus 2005 tá gradaim náisiúnta bainte amach ag Glór Bhreifne. Fuair Glór Bhréifne iarratas i scríbhinn ar aighneachtaí mar gheall ar an scéim. Ar an iomlán fuarthas 121 aighneachtaí faoin sprioclá i.e. 11 Bealtaine 2007 (féach Aguisín 1).

Mar chuid den rún atá ag Údarás Áitiúla Contae an Chabháin Seirbhís do Chustaiméirí ar ardchaighdeán a sholáthar ceistíodh custaiméirí ar a dtuairimí faoin seirbhís trí Ghaeilge (mar chuid de shuirbhé a bhí níos leithne). (Féach Aguisín II).

Beidh measúnú agus athbhreithniú ar siúl go rialta ag Údarás Áitiúla an Chabháin mar gheall ar an éileamh a bheidh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge. Tá rún ag na hÚdarás Áitiúla na seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt le linn tréimhse na scéime.

## **1.6 Páirtithe Leasmhara Údarás Áitiúla an Chabháin:**

Is iad seo a leanas páirtithe leasmhara Údarás Áitiúla an Chabháin:-

- Muintir Chontae an Chabháin (64,003 - daonáireamh 2006 )
- Na hEarnála Pobail & Deonach
- Na Ranna Stáit/Údarás Réigiúnacha agus Údarás eile Áitiúla
- Áisínreachtaí Stáit
- Lucht Gnó
- Lucht Seirbhísí san Earnáil Phríobháideach

- An Struchtúr atá ag an mBord Forbartha Contae
- Áisínteachtaí Forbartha Áitiúla
- Lucht Éisteachta Náisiúnta i.e. Na Meáin Áitiúla agus Náisiúnta
- Grúpaí *Leader* agus Páirtíocht Áitiúla
- Údaráis Áitiúla agus cuideachtaí forbartha i dTuaisceart na hÉireann
- Ionadaithe Tofa agus Foirne de chuid na hÚdaráis Áitiúla
- Grúpaí a fhágtar ar imeall na sochaí
- *Diaspora* na hÉireann thar lear

## 1.7 Ceantair Fheidhmiúla

- 1) **Comhairle Chontae an Chabháin** (25 hionadaí)
- 2) **Comhairlí Baile:** Béal Tairbirt (9 n-ionadaí); Muinchille (9 n-ionadaí); Cabhán (9 n-ionadaí);

## 1.8 Stiúirthóireacht na nÚdarás Áitiúla

- a) Gnóthaí Corparáideacha, Tithíocht & Gnóthaí Cultúrtha
- b) Seirbhísí Uisce & Comhshaoil
- c) Bóithre, Bonneagar, Pleanáil & Pleanáil Eacnamaíoch
- d) Pobal & Fiontar, Cuimsiú Sóisialta & Seirbhísí Éigeandála
- e) Airgeadas

### Rólanna

#### a) Gnóthaí Corparáideacha, Tithíocht & Gnóthaí Cultúrtha

- Riarachán Cruinnithe na Comhairle Chontae
- Tacú le hIonadaithe Tofa & Teachtaí Dála
- Clár na dTogthóirí
- Gradaim Chathartha
- Polasaí Ginearálta a Fhorbairt & a chur i gCrích
- Cumarsáid/Caidrimh Phoiblí

- Saoráil Faisnéise
- Comhfhreagras maidir le Saoráil Faisnéise & le Fear an Phobail
- Dámhachtana Pinsin
- Daonacmhainní
- Foireann a Earcú & a Choimeád
- Ceisteanna CT
- Traenáil & Forbairt Foirne
- Clár Cúnaimh d'Fhostaithe
- Comhpháirtíocht sa Láthair Oibre
- Tionscnaimh maidir le háitribh de chuid na Comhairle Chontae i gcoitinne agus le tithe cúirte a fhorbairt in éineacht leis an tSeirbhís Cúirteanna.
- **Scéim Deontas Ardoideachais:** Deontais do mhic léinn faoin Scéim Deontas Ardoideachais a riaradh agus a cheadú.

## Tithíocht

- **Tithíocht Údarás Áitiúla:** Gá le Tithíocht a Mheas. Iarratais ar Thithíocht Sóisialta agus ar Roghanna eile. Aonaid tithíochta Údarás Áitiúla idir nua agus fholaimh a dháileadh . An Próiséas Gnó maidir le hlarratais Tithíochta a fheabhsú.
- Clár Tógáil Tithíochta a Dhearadh agus a Sholáthar
- Feabhsú Tithe faoi na Scéimeanna d'Oibreacha Feabhsúcháin agus faoin gClár Cothabhála Pleanála.
- Talamh agus aonaid tithíochta a Cheannach.
- Tithe Inacmhainne a sholáthar faoi Chuid V de na hAchtanna Pleanála & Forbartha.
- Coiste Polasaí Straitéiseach Tithíochta agus Coiste Comhairleach don Lucht Siúil

- Feidhmeanna na Comhairle Chontae a chur i gcrích maidir le Scéimeanna Faoiseamh Cánach
- Clár Athnuachana a chur i gCrích idir Uirbeach agus Sráidbhailte.
- **Deontais:** Deontais a riaradh agus a cheadú faoin Scéim um Dheisithe Práinne de réir polasaí na Comhairle agus Rialachán ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
- Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas a riaradh agus a cheadú de réir polasaí na Comhairle agus Rialachán ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
- **An Scéim um Chóiríocht ar Cíos:** An Scéim um Chóiríocht ar Cíos a chur i bhfeidhm.
- **Traenáil:** An traenáil cuí a thabhairt doThionóntaithe, Cumainn Áitritheoirí, Lucht Siúil agus Foireann Tithíochta.
- **Cumainn Áitritheoirí:** Tacú leis na Cumainn Áitritheoirí atá cheana féin ann agus Cumainn nua a bhunú.

## **Gnóthaí Cultúrtha**

### **Leabharlanna**

- Seirbhísí Leabharlainne
- Oifig Ealaíon
- Amharclann an Reamhoir
- Músaem Contae an Chabháin
- Forbairt Shóisialta & Chultúrtha

### **b) Seirbhísí Uisce & Comhshaoil**

- An Plean Réigiúnach Bainistíocht Dramhaíola 2005 – 2010 a chur i bhfeidhm
- Bonneagar Athchúrsála a sholáthar: Ionaid Beir Chuige & Athchúrsála
- Forfheidhmiú Bainistíocht Dramhaíola
- Oideachas agus Feasacht



- Reiligí Dúnta a Chothú
- Seirbhís Maor Madraí
- Láithreán Líonadh Talún Chorr an Iúir
- Dóthain fíoruisce ar ardchaighdeán a sholáthar d'úsáideoirí tís, tionsclaíoch, talmhaíochta agus eile.
- Dóthain Seirbhísí Fuíolluisce a sholáthar chun séarach agus dramhaíl eile a dhiúscairt go sábháilte
- Bonneagar a sholáthar chun tacú leis na haidhmeanna thuasluaite
- Freastal ar an éileamh ar na seirbhísí úd a bhíonn ag méadú
- Eachtraí truaillithe a fhiosrú
- Monatóireacht ar cháilíocht uisce in abhainn agus i lochanna an Chabháin
- Monatóireacht ar eisileadh ó na fearais chóireála fuíolluisce
- Monatóireacht ar cháilíocht fíoruisce agus ar ghearáin
- Monatóireacht ar dhiúscairt fuíolluisce i mbarruisce agus i séaraigh maraon le ceadú
- Scrúdú ar áitribh thrádála agus ar fheirmeacha; gníomh ceartaithe a chur i bhfeidhm
- Reachtaíocht mar na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus Aeir a chur i bhfeidhm, fodhlíthe comhshaoil san áireamh
- Iarratais phleanála a rachadh i bhfeidhm ar an gcomhshaoil a mheas agus gníomh a mholadh ina leithéid de chás

**c) Bóithre, Bonneagar, Pleanáil & Pleanáil Eacnamaíoch**

- Pleanáil & Forbairt
- Rialú Foirgníochta
- Pleanáil & Forbairt ar Eacnamaíocht na Tuaithe
- Bóithre & Iompar
- Sláinte & Sábháilteacht

**d) Pobal & Fiontar, Cuimsiú Sóisialta & Seirbhísí Éigeandála**

- Pobal & Fiontar
- Cuimsiú Sóisialta

- Meitheal Síocháin III
- Taighde
- Maoiniú Trasteorann
- Bord Forbartha Chontae an Chabháin
- Tionscnamh Óige RAPID ( Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht & Forbairt)
- Tionscnamh Saoránach Óg Gníomhach
- Fóram Pobail agus Deonach
- Tionscnamh um Chumas Pobail a Mhéadú
- Seirbhís Dóiteáin
- Cosaint Shibhialta
- Rialú Foirgníochta □ Teastais Shábháilteachta Tine
- Pleanáil Mhóréigeandála

**a) Airgeadas**

- Airgeadas
- Rátaí
- Iniúchadh Inmheánach
- Mótarcháin

**1.9 Suíomh Oifigí na nÚdarás Áitiúla:**

Teach na Cúirte, An Cabhán

**Oifigí Ceantar:**

Béal Tairbirt

Coill an Chollaigh

Béal Átha Chonaill

Béal Átha na nEach

Muinchille

Achadh an Iúir

Cullies (Saotharlann)

**Leabharlanna:**

Muinchille	Béal Átha na nEach
Béal Átha Conaill	Dún na Rí
Coill an Chollaigh	Achadh an Iúir
Béal Tairbirt	Cill na Seanrátha
Baile Shéamais Dhuibh	Seirbhísí i dTeach Loughan
Arva	freisin
Cill na Leice	

**Stáisiúin Dóiteáin:**

Béal Tairbirt	Muinchille
Coill an Chollaigh	Achadh an Iúir
Baile Shéamais Dhuibh	Damhshraith
Béal Átha Chonaill	Dun an Rí
An Cabhán	Cill na Seanrátha
	Searcóg
	Arva

**1.10 Modhanna Cumarsáide Scríofa na nÚdarás Áitiúla:**

De ghnáth déantar an chumarsáid scríofa sna hÚdarás Áitiúla trí mheán an Bhéarla. I gcásanna áirithe áfach, mar shampla an Tuarascáil Bhliantúil cuirtear an dá leagan ar fáil, Béarla agus Gaeilge.

**Modhanna Cumarsáide Scríofa:**

Polasaí Reachtúil/Inmheánach	Fógraíocht
Leabhráin agus Bileoga Eolais	Tuairiscí
Foirmeacha Iarratais	Cláir Oibre agus Miontuairiscí
Preasráitis	Suíomh/Inlíon/R-Phoist
Foilseacháin	Comharthaí
Cáipéisí Taighde	

## 1.11 Measúnú ar na seirbhísí atá cheana féin ann trí Ghaeilge:

Tuigeann Údarás Áitiúla Contae an Chabháin i gcónaí an gá atá le seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar, rud atá soiléir ón ráiteas a foilsíodh le déanaí sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí **☐Más mian leat labhairt as Gaeilge leis an Údarás Áitiúil, socrófar go mbeidh ball foirne ar fáil duit. Muna mbíonn an duine sin ar fáil láithreach bonn glacfaimid do chuid sonraí agus beifear i dteagmháil leat chomh luath agus is féidir☐**

Chun cloí leis an ráiteas sin sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí beidh traenáil ar fáil mar a leanas:

- i) Traenáil i nGaeilge acadúil dóibh siúd ar an bhfoireann a mbeidh sí uathu
- ii) Comhrá Gaeilge trí chruinnithe neamhfoirmeálta
- iii) Seachtain na Gaeilge trín seirbhís Leabharlainne
- iv) Comharthaí dátheangacha i dTeach na Cúirte agus san Ionad Farnham
- v) Litreacha agus fógraí nuachtán as Gaeilge má bhaineann siad le hábhar spéise grúpaí/pobal na Gaeilge

Táthar chun na scéimeanna traenála a leathnú chun cur leis an dteacht a bheidh ag custaiméirí ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge.

Agus sinn ag freastal go dtí seo ar an éileamh a bhíonn ar sheirbhísí trí Ghaeilge, tá rún againn suim sa teanga agus meas uirthi a chothú i measc foirne agus custaiméirí araon.

## 2. Méadú ar Sheirbhísí Dátheangacha

Trín gCairt do Chustaiméirí atá ag Údaráis Áitiúla an Chabháin aithnítear go bhfuil sé de cheart ag aon saoránach gnó as Gaeilge a dhéanamh linn más mian leo.

Déanfar forbairt ar an gcaighdeán seirbhíse trí Ghaeilge le linn tréimhse na scéime trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

### Prionsabail Treoraithe

Aithníonn Údaráis Áitiúla an Chabháin go bhfuil sé de cheart ag daoine ceachtar den dá theanga oifigiúla a roghnú agus iad ag deileáil linn.

Aithnímid freisin gur fearr a mhíneoidh an duine a bhfuil ag teastáil uaidh/uaithe sa teanga is rogha leis/léi.

Tuigeann Údaráis Áitiúla an Chabháin gur buntáiste é an rogha teanga seo ó thaobh deachleachtas de agus go mbeidh feabhas ar chaighdeán agus ar thorthaí seirbhísí da réir..

- a) Beidh oiliúint le fáil acu siúd lena mbaineann i bhfháiltiú roimh chustaiméirí trí Ghaeilge. Cuirfear an beart seo i gcrích le linn céad bhliain na scéime.
- b) Más mian le custaiméir labhairt as Gaeilge linn is é seo an plan:-
  - Muna mbíonn cainteoir Gaeilge saor lena linn sin, míneofar an scéal go cúirtéiseach agus socrófar coinne ar ball beag (más rud é go mbíonn an duine ar fáil laistigh de thréimhse réasúnta m.sh. 45 nóiméad) é sin nó beidh dhá rogha eile ag an duine;
    - 1) coinne eile a shocrú d'iam éigin nuair a bheadh an cainteoir úd saor le deileáil leis an gcustaiméir,
    - 2) leanúint den gcomhrá trí Bhéarla

San iarracht a dhéanfar chun úsáid na Gaeilge a cur chun cinn sa leabharlann (tuilleadh faoi seo anso thíos) scaipfear eolas faoin dátheangachas agus spreagfar an pobal ina leith go rialta. Fógrófar in áiteanna oiriúnacha agus ar shuíomh idirlín na Comhairle Chontae go bhfuil seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Aithneofar na baill foirne a bheadh in ann, ach iad a bheith ar fáil, agallaimh a dhéanamh ar na meáin lánghaelacha, go háirithe ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar TG4.

Tabharfar liosta de na daoine seo, maraon le sonraí teagmhála, do na meáin lánghaelacha le linn céad bhliain na scéime. Leanfar den bheart seo agus ceartófar na sonraí go rialta nuair is cuí.

Ó thús na scéime foilseofar ar a laghad 2 phreasráiteas sa dá theanga Béarla agus Gaeilge in aghaidh na bliana.

## **2.2 Cumarsáid Scríofa**

De réir Alt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, má fhaightear comhfhreagras i nGaeilge beidh freagra le fáil i nGaeilge agus leanfar na nósanna atá sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí de chuid Údarás Áitiúla an Chabháin. (Aguisín III)

## **2.3 Córais Eolais**

### **Suíomh Idirlín**

Beidh leathanach Gaeilge faoi leith ar shuíomh idirlín Údarás Áitiúla an Chabháin chun aird a tharraingt ar na seirbhísí agus ar na foirmeacha atá ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Spreagfar an fhoireann chun tuilleadh Gaeilge a fhorbairt ar an suíomh.

Sula mbíonn tréimhse na scéime istigh beidh ar a laghad 5 leathanach Gaeilge ar an suíomh céanna. Breathnófar ar shuíomh eile Comhairlí Baile, seirbhís Leabharlainne 7rl sa dara scéim.

Arís laistigh den scéim seo, cuirfear comhoiriúnacht teanga san áireamh agus córais inmheánacha TE á gcur isteach nó á n-uasghrádú. Is gníomh fadtéarmach é seo toisc go mbaineann sé le mórfhoinsí teicneolaíochta.

Tacóimid le LGMSB agus iad ag cur an dátheangachais chun cinn sna seirbhísí seo a leanas faoi láthair:

- Mótarcháin
- Pleanáil
- Clár na dToghthóirí

Beidh aon seirbhís nua idirghníomhach ar líne i bhfoirm dhátheangach ón tús. Is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil atá freagrach as Mótarcháin agus as Clár na dToghthóirí sna cúrsaí seo. Maidir leis an bPleanáil déanfar an t-uasghrádú sa dá theanga chomh luath agus is féidir nuair a bheidh sé d'acmhainn againn obair chothabhála a dhéanamh amach anseo. Tá seoladh ríomhphoist ar leith againn d'fhiosrúcháin i nGaeilge. [eolas@cavancoco.ie](mailto:eolas@cavancoco.ie)

## **2.4 Foirmeacha Iarratais**

Tar éis dhá bhliain na scéime beidh foirmeacha nua dátheangacha in aon chlúdach amháin sna rannóga Pleanáil, Pobal & Fiontar agus Tithíocht. Déanfar athnuachan ar na foirmeacha atá cheana féin ann sna rannóga úd de réir a chéile. Tá rún ag Comhairle Chontae an Chabháin gach aon fhoirm a cur ar fáil i bhformáid inrochtana faoin Acht Míchumais (Alt 28); dá bhrí sin ag deireadh na scéime breathnófar ar an gceist seo chun a fháil amach an bhfuil deacrachtaí ag daoine dá réir maidir le hinrochtaineacht.

## 2.5 Seirbhísí Teileafóin

Aithnítear gur ar an bhfón a labhraíonn mórán le hÚdaráis Áitiúla an Chabháin den chéad uair. Beidh an fhoireann fhreagartha teileafón in ann beannú leo i nGaeilge ar an gcéad dul síos. Léireoidh sé seo go bhfuil sé i gceist againn an Ghaeilge a cur chun cinn in aghaidh an lae agus tacú leis an dteanga ar bhonn rialta. Tosnófar ar an dtraenáil laistigh de 15 mhí ó thús na scéime.

Roimh dheireadh na scéime, beidh sé mar pholasaí ag Údaráis Áitiúla an Chabháin a chinntiú go mbeidh Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (SAC) i bhfeidhm sna cúrsaí seo mar a leanas:

- Tabharfaidh fáilteoirí/foireann lasc-chláir ainm an Údaráis as Gaeilge.
- Beidh na gnáthbheannachtaí ar eolas acu.
- Beidh siad in ann an duine a chur i dteagmháil gan mhoill le hoifig ina mbeidh an Ghaeilge á labhairt nó le cainteoir Gaeilge ar an bhfoireann má bhíonn a leithéid ar fáil.

## 2.6 Polasaí Cruinnithe Poiblí

Chun an Ghaeilge a fhorbairt agus a cur chun cinn le linn cruinnithe labhróidh an Cathaoirleach as Gaeilge ag tús agus ag deireadh cruinnithe. Tarlóidh sé seo le linn céad bhliain na scéime.

## 2.7 Leabhráin & Bileoga Eolais

Roimh dheireadh na scéime beidh ar a laghad 5 chinn de leabhráin agus/nó bileoga eolais sa dá theanga in aon chlúdach amháin. Ar an dul céanna déanfar athnuachan ar an stoc atá cheana féin againn de réir a chéile.

Foilseofar cáipéisí teicniúla i mBéarla, ach amháin má bhíonn spéis mhór ag an bpobal iontu nó má bhíonn tábhacht faoi leith ag baint leo; sa chás sin beidh leagan dátheangach ar fáil (arís roimh dheireadh na Scéime).



## 2.8 Seirbhísí don Duine Aonair

### Réimse Píolótach

Roghnaíodh Leabharlann Chontae an Chabháin mar rannóg phíolótach toisc go bhfuil dul chun cinn déanta cheana féin acu i réimse na Gaeilge agus go bhfuil sé éasca teacht ar na seirbhísí sa rannóg san de chuid na Comhairle Chontae. Leanfar den obair phíolótach go dtí an tríú bliain na scéime.

Déanfar forbairt go háirithe ar na gnéithe seo a leanas laistigh de na seirbhísí Leabharlainne.

- a) Ainmneofar duine amháin ar an bhfoireann i Lárleabharlann Mhic Eoin a bheidh in ann obair na leabharlainne a dhéanamh trí Ghaeilge ar bhonn leanúnach.
- b) Tabharfar cuireadh do lucht na Gaelscoile a gcuid gnó sa Leabharlann a dhéanamh trí Ghaeilge agus cuirfear scéalaíocht i nGaeilge ar fáil dóibh.
- c) Beidh réimse leabhar Gaeilge ann do dhaoine fásta agus do pháistí; déanfar leathnú agus forbairt ar an stoc leabhar.
- d) Beidh ceachtanna ar fáil ar an láthair don bhfoireann más maith leo feabhas a chur ar an nGaeilge atá acu.
- e) I Lárleabharlann Mhic Eoin beidh dhá ghrúpa léitheoireachta ar siúl as Gaeilge in aghaidh na míosa, ceann do dhaoine fásta maidin Sathairn agus ceann eile do pháistí tráthnóna Déardaoin (le linn na scoilbhliana).
- f) I Lárleabharlann Mhic Eoin freisin beidh grúpa Gaeilgeoirí a thiocfaidh le chéile am lóin Dé Luain (arís le linn na scoilbhliana).

Gach aon bhliain stiúróidh Lárleabharlann Mhic Eoin an Fhéile Seachtain na Gaeilge go ceann coicíse.

Ó thosach na scéime beidh an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha in ann freastal ag an gcuntar nó ar dhuine aonair trí mheán na Gaeilge.

## 2.9 Traenáil & Forbairt

Le linn céad bhliain na scéime beidh oiliúint sa dhá Theanga Oifigiúla mar chuid den dtraenáil leanúnach i seirbhísí don chustaiméir. Cuirfear in iúl do bhaill nua foirne agus iad ag tosú ar an dtraenáil

- Go bhfuil polasaí dátheangach ag na hÚdaráis Áitiúla agus
- Go spreagfar iad i leith ceachtanna Gaeilge más mian leo freastal orthu
- Go mbíonn Lá Nua ar líne ag an bPríomhoifig Fáilte agus ar an inlín
- Go bhfuil téipeanna ar fáil chun cur leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil

Geallann Údaráis Áitiúla an Chabháin na bearta seo a leanas a chur i gcrích chun feabhas a chur an an leibhéal seirbhísí trí Ghaeilge le linn tréimhse na scéime:

- a) Déanfar suirbhé foirne chun leibhéal na Gaeilge sna hÚdaráis Áitiúla a mheas idir labhartha agus scríofa. Ar an gcuma san aithneofar iad siúd a bheidh toilteanach a bheith ag plé le custaiméirí trí mheán na Gaeilge agus féadfar oiliúint a thabhairt dóibh dá réir.
- b) Agus na hacmhainní cuí a bheith ar fail dúinn ullmhófar scéim oideachais dóibh siúd ar mhian leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus tarlóidh an oiliúint le linn tréimhse na scéime.
- c) Tabharfar cúnamh agus spreagadh do bhaill foirne a bheidh ag iarraidh a gcuid Gaeilge a fheabhsú i dtreo cumarsáid le Custaiméirí.

## 2.10 Caidrimh le Custaiméirí

Aon chustaiméir a mbíonn cúis ghearáin aige/aici le linn tréimhse na scéime féadfaidh sé/sí leas a bhaint as an nós atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí. Muna bhfaightear sásamh féadfaidh an duine dul ar aghaidh go dtí Fear an Phobail a bhfuil a sheoladh le fáil sa Phlean céanna Gníomhaíochta do Chustaiméirí.

### **3. Cur i gCrích, Monatóireacht & Athbhreithniú**

Is é an Bainisteoir Contae a stiúróidh an plean trí bliana chun an Scéim a cur i gcrích tar éis a glactha. Beidh codanna éagsúla ann do na stiúrthóireachtaí ar leith ina n-aithneofar spriocanna cinnte do gach aon cheann díobh. Seolfar tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn chuig an Bainisteoir Contae ó gach Stiúrthóireacht. Beidh na tuairiscí ginearálta le fáil ag an bpobal agus ag na hIonadaithe Tofa sa Tuarascail Bhliantúil.

Is tríd an chórais thuasluaite a dhéanfaidh an Fhoireann Bhainistíochta éifeacht na Scéime a mheas ar an iomlán.

Tá sé i gceist ag Comhairle Chontae an Chabháin liosta a dhéanamh den éileamh a bheidh ann agus den bhfreastal a dhéanfar trí mheán na Gaeilge síos tríd an réimse iomlán seirbhísí.

Tá gach seans go dtosófar ar bheartais eile fós i gComhairle Chontae an Chabháin nach bhfuil luaite sa Scéim seo. Déanfar fógraíocht chun an pobal a chur ar an eolas ar Northern Sound, sna Nuachtain Áitiúla agus sna Meáin Lánghaelacha.

Fuair Oifig an Choimisinéir Teanga cóip den Scéim seo.

Is é an leagan Béarla bunleagan na Scéime seo.